

## Dréacht – Polasaí Teagmhas Criticiúil do Ghaelscoil Riada

### Réamhra:

Is é an aidhm atá againn i nGaelscoil Riada ná folláine na bpáistí agus na foirne a chosaint trí timpeallacht shabháilte fhulangach ina dtugtar aire dóibh ann a chur ar fáil. Tá sé seo leagtha amach inár ráiteas fealsúnachta scoile.

Chuir an Bord Bainistíochta le chéile an plean bainistíochta do theagmhais chriticiúla in éineacht leis an bPríomhoide, an **foireann** agus Coiste na dTuistí. Tá Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla bunaithe chun forbairt agus cur i bhfeidhm an phlean a stiúradh.

### Céard is Teagmhas criticiúil ann?

'Is féidir féachaint orthu mar theagmhais a sháraíonn gnáthmheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar rith na scoile. Ní mar an gcéanna i gcónaí a bheidh an plean á chur i bhfeidhm mar braithfidh sé sin cuid mhór ar an gcineál teagmhais a bheidh i gceist.'

### Samplaí:

- Bás, drochthinneas/briseadh amach galar (Foot & Mouth)
- Eachtraí coiriúla (e.g. caitheadh i Dunblane, caitheadh - Céad Chomaoineach i mBaile an Mhunna)
- Mórthimpistí, drochghortú (mar shampla timpiste bus san Uaimh)
- Féinmhárú
- Corraíl shiabhialta, cogadh (náisiúnaithe coigríche - chuirfeadh eachtraí a tharlaigh ina dtír dúchais as dóibh)
- Tine, tubaiste nádúrtha agus tubaiste teicneolaíochta (mar shampla an díon a thit i scoil i gCrocaigh)
- Dalta dul amú ón scoil nó ón mbaile (mar shampla an eachtra a tharlaigh i Mainistir na Corann i gCrocaigh)

- Dalta tógtha as an scoil nó ón mbaile gan cead
- Eachtaí domhanda a chuireann as do dhaltaí agus/nó múinteoirí. B'féidir go gcaithfí searmanas nó rud éigin a dheánamh ar a son mar shampla 9/11 agus an súnamáí

## **Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla:**

Tá na daoine seo a leanas ar an bhFoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla:

Príomhoide: Maeve Ní Fhlaithearta

(mar Phríomhoide an fhad agus atá Sinéad Nic Giolla Chionnaigh ar saoire máithreachais)

Leas-Phríomhoide: Neasa Nic Fhlannacha

(mar Leas-Phríomhoide an fhad agus atá Sinéad Nic Giolla Chionnaigh ar saoire máithreachais)

Ainmhnithe ag an bhFoireann Teagaisc: Elaine Ní Dhónaill

Ainmhnithe ag an mBord Bainistíochta:

Ainmhnithe ag Coiste na dTuistí:

## **Rólanna agus Dualgaisí**

**Ról ceannaireachta:** *Príomhoide: (Maeve Ní Fhlaithearta)*

### **Idir-ghabháil**

- Soiléirigh firicí faoin eachtra
- Deimhnigh an eachtra
- Téigh i dteagmháil leis na Gardaí /Seirbhísí Éigeandála/ NEPS/ FSS(Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/An Roinn/Bord Bainistíochta
- Cuir an fhoireann fhreagartha do Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm
- Déan cinneadh ar an mbealach is fearr leis an scéal a insint do ghrúpaí éagsúla (an fhoireann, daltaí, daoine taobh amuigh den scoil) ullmhaigh ráiteas poiblí
- Sainigh uimhreacha fón poca ar féidir glaoch orthu
- Cuir cruinniú foirne ar bun

### **Tar éis an eachtra**

- Cinntigh go bhfuil tacaíocht leanúnach ar fáil don fhoireann agus do na daltaí
- Cabhraigh le haon imeachtaí cuimhneacháin, más cuí
- Plean athbhreithnithe

**Ról Idir-chaidrimh leis an gclann:** *Leas - Phríomhoide: ( Neasa Nic Fhlannacha)*

### **Idir-ghabháil**

- Bheith i gceannais ar theagmháil leis an gclann (tar éis don Phríomhoide dul i dteagmháil leo ar dtús)
- Téigh i gcomhairle leis an gclann maidir leis an mbaint a bheadh ag an scoil leis an méid atá ag tarlú mar shampla socraid
- Tabhair cuairt ar theach an chlann, más gá
- Cabhraigh le haon teagmháil le tuismitheoirí aon dalta a raibh tionchar ag teagmhas criticiúil orthu.

### **Tar éis an eachtra**

- Cuir tacaíocht leanúnach ar fáil don chlann a raibh tionchar ag an eachtra orthu
- Cinntigh go mbeadh baint ag tuismitheoirí le liotúingí/searmanas cuimhneacháin, más cuí
- Ofráil an clann a chuir i dteagmháil le grúpaí pobail tacaíochta
- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an bplean

**Ról comhairliúcháin/Idir-chaidrimh Daltaí:** *Ball Foirne Ainmnithe (Elaine Ní Dhónaill) i gcomhairle le Siceolaí Scoile NEPS Christina Burke)*

### **Idirghabháil**

- Comhairle a thabhairt don fhoireann maidir leis na nósanna imeachta maidir le daltaí i mbaol a aithint
  - An fhoireann a chur ar an eolas faoi daltaí i mbaol
  - Nósanna imeachta atreoraithe soiléir a chuir i bhfeidhm
  - Díriú ar riachtanaisí laithreacha na bhfoirne
  - Ábhair a chur ar fáil don bhfoireann (ón bhfillteán Theagmhas Criticiúil)

- Eolas a chur ar fáil
- Cuir tacaíocht ar fáil do dhaltáí i mbaol

### Tar éis an eachta

- Cuir tacaíocht leanúnach ar fáil do dhaltáí atá i mbaol
- Déan monatóireacht ar an rang is mó a ndeachaigh an eachtra i bhfeidhm orthu
- Atreoraigh más gá
- Déan athbhreithniú agus measúnú ar an bPlean

## Plean Gníomhaíochta

### GNÍOMHARTHA FADTÉARMACHA (Lá 1)

#### Déan teagmháil leis na gníomhaireachtaí cuí

1. Seirbhísí Éigeandála.

Gardaí:

091-844016(Baile

Átha an Rí)

091-538000

(Sráid an  
Mhuilinn)

Briogáid Dóiteáin

090-9642465

2. Seirbhísí leighis:

An Dochtúir. Louise O Grady:

091-844034

Ionad sláinte:

091-844274

3. Galway Child Protection Social Work Services

(Seirbhísí Oibre Sóisialta Chosaint Leanaí na Gaillimhe 091-  
847820 (Baile Locha Riach)

4. NEPS: Christina Burke: 087-7948917

5. Baill an Bhoird Bainistíochta

6. An Roinn Oideachais /Cigire scoile(Dolores deBhál) 087-2856131

- Tionól cruinniú le foireann/Foireann Bainsitíochta do Theagmhais Chriticiúla
- Eagraigh cruinniú foirne, más gá
- Téigh i dteagmháil leis an gclann/clanna láithreach
- Téigh i gcomhairle leis an teaghlach maidir le tacaíocht a fháil ón scoil mar shampla seirbhís sochraide
- Cinntigh go mbeidh áit chiúin déanta do na daltaí/don fhoireann
  - Cinntigh go mbeadh aon bhall foirne a bhí as láthair coinnithe ar an eolas

- Eagraigh tráthchlár don lá/coiméadfar rúdaí mar is gnách chomh fada agus is féidir
- Coinneodh múinteoirí ranga liosta d'aon duine atá as láthair a gcaithfí glaoch orthu, liosta cairde etc, nó aon eolas eile a theastóidh. Is féidir é seo a thabhairt doin Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do dhaltaí.
- Eagraigh maoirseacht ar na daltaí
- Bí i dteagmháile leis an gclann maidir le socruithe sochraide/ searmanas cuimhneacháin
- Beidh an Príomhoide i dteagmháil leis an gclann le comhbhrón a chur in iúl agus le fáil amach cén bhaint ba mhaith leo a bheith ag an scoil leis an searmanas cuimhneacháin/sochraid
- Tabharfaidh beirt ar an bhfoireann(ar son na scoile) cuairt ar an teach taobh istigh de 24 uair, más cuí (Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Dhaltaí agus an múinteoir ranga)
- Meas a bheith ar traidisiúin reiligiúin agus creidimh dhifriúla

#### Faisnéis do na meáin (más gá)

- Ainmnigh urlabhraí (Ceannaire)
- Faigh eolas soiléir
- Eagraigh ráiteas (Foireann)
- Cosain príobháideacht na clainne
- Tá sé tábhachtach eolas chruinn a fháil faoin eachtra
  1. Céard a tharla, cén áit agus cén uair?
  2. Cé chomh dona agus atá an gortú/na gortuithe?
  3. Cé mhéid duine a bhí bainteach leis agus cé na hainmneacha atá orthu?
  4. An bhfuil baol go mbeadh gortú níos mó ann?
  5. Cé na gníomhaireachtaí a ndeachaigh tú i dteagmhail leo cheana féin?

#### GNÍOMHARTHA MEÁNTÉARMACHA(24-72 UAIR A CHLOIG)

- An fhoireann/na daltaí a ullmhú le freastal ar an sochraide
- An ról atá ag na daltaí/an fhoireann sa liotúirge más mian leis an teaghlach go mbeadh baint ag an scoil leis

- Cabhrú leis na daltaí/an fhoireann le cartáí comhbhá, bláthanna, leabhar comhbhróin etc
- Deasghnáth taobh istigh don scoil
- Athbhreithniú a dheánamh ar na heachtraí a tharlaigh sa gcéad 24 uair a chloig
- An Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla/príomh ball foirne a ghairm arís
- Déan cinneadh maidir le socruithe i dtaobh cruinnithe tacaíochta do thuismitheoirí/daltaí/foireann
- Déan cinneadh maidir le meicníocht aiseolais ó mhúinteoirí ar dhaltaí i mbaol
- Déan athbhreithniú ar chruinniú Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla
- Téigh i dteagmháil le foireann/daltaí atá as láthair
- Eagraigh tacaíocht do dhaltaí aonair, grúpaí daltaí agus thuismitheoirí, más gá
- Bíodh cruinniú tacaíochta/eolais agat do thuismitheoirí/daltaí, má tá sé riachtanach, leis an méid a tharla a shoiléiriú
- Tabhair rogha d'aon mhúinteoir a mhothaíonn mí-chompordach a bheith bainteach le cruinnithe tacaíochta dúiltiú a bheith páirteach ann
- Eagraigh mioncheistiú nó cruinnithe tacaíochta(duine amháin nó grúpa le cead ó na thuismitheoirí), i gcomhairle le gníomhaireachtaí ón taobh amuigh
- Déan pleanáil ar na daltaí agus an fhoireann atá ag teacht ar ais agus an bealach is fearr chun iad a chuir ar a suaimhneas mar shampla daoine a bhí as láthair, iad siúd a bhí gortaithe, deartháireacha/deirfiúracha, gaolta etc)
- Beidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Dhaltaí ag caint leo nuair a thagann siad ar ais ar scoil.
- Pleanáil - cuairt a thabhairt orthu siúd atá gortaithe
  - Duine Idirchaidrimh Ainmnithe leis an gclann + Múinteoir Ranga + Príomhoide le cuairt a thabhairt ar an teach/ospidéal
  - Freastal agus páirt a ghlacadh sa sochraid/searmanas cuimhneacháin(Cinneadh le bheith déanta air)
  - Cinneadh a dheánamh maidir leis seo bunaithe ar mhianta an teaghlach, cinntí bainistíochta na scoile agus i gcomhairle le dlúthchairde scoile
- Scoil a dhúnadh (más gá)
- Cinneadh maidir leis seo a iarraidh ar bhainistíocht na scoile

## GNÍOMHARTHA FADTÉARMACHA

Monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí agus faire amach do dhaoine atá fós ag fulaingt.

Má léiríonn dalta na comharthaí seo a leanas, thar tréimhse fada, b'féifdir go dteastóidh cabhair uaidh/uaithe ón FSS. Tá sé riachtanach go mbeadh cumarsáid leanúnach agat leis an gclann.

- Iompar as an ngnáth
- Obair scoile ag dul i léig
- Siomptóim fisiciúla — e.g. cailleadh meacháin/meachán a chur suas, gan suim a bheith aige/aici sa mbealach a bhreathnaíonn siad, tuirse, gan a bheith in ann socrú/suí síos sa rang
- Freagairt mothúchánach neamhchuí
- A bheith as láthair níos minicí

Déan measúnú ar an mbealach ar déileáladh leis an eachtra agus leasaigh an Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla más gá

Céard a rinne muid go maith?

- Cá raibh na bearnaí?
- Céard é an rud is lú/is mó a chabhraigh?
- Ar rinneadh aon teagmháil a bhí riachtanach leis na seirbhísí tacaíochta?
- An bhfuil aon rud a chaithfear a chuir i gcrích?

Bíodh an Plean do Theagmhais Chriticiúla foirmiúil don todhchaí

- Téigh i gcomhairle le síceolaí NEPS
- Cuir daltaí/ball foirne nua ar an eolas faoi pháistí a raibh tionchar ag teagmhas criticiúil orthu más gá
- Cinntigh go bhfuil aon bhall foirne nua ar an eolas faoin Pholasaí Teagmhas criticiúil agus nósanna imeachta na scoile
- Cinntigh go bhfuil siad ar an eolas faoina daltaí a raibh tionchar ag teagmhas criticiúil orthu le déanaí agus inis na sonraí dóibh
- Nuair atá daltaí(duine nó rang) a raibh tionchar ag eachtra orthu, ag aistriú scoile, ba chóir do Phríomhoide na scoile an Príomhoide nua a chuir ar an eolas

Déan cinneadh maidir leis na bealaí is oiriúnaí le déileáil le lá cuimhne (Cuimhnigh ar leathanta agus ócáidí speisialta)

- B'fhéidir go mbeadh daltaí/an fhoireann níos mothúchánach le linn lá cuimhne na hócáide agus go mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu ag an am seo
- Luaigh an lá cuimhne leis an gclann
- Cuimhnigh ar leathanta suntasacha cosúil le Breithlá, an Nollaig, Lá na Máithreacha agus Lá na nÁthaireacha
  - Pleanáil searmanas cuimhneacháin scoile
  - Céard iad mianta na clainne maidir le céard le déanamh le hábhair an duine a cailleadh?
  - Coinnigh taifid scoile suas chun dáta agus leasaigh

Dréachtaithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Riada ar \_\_\_\_\_

Dáta athbhreithnithe: \_\_\_\_\_